Comhairliúchán le scoláirí faoi na gearrchúrsaí

Cuspóir an chomhairliúcháin: Eolas cúlra do scoláirí:

Cuireann an Chomhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta (CNCM) comhairle ar an Aire Oideachais agus Scileanna faoi chúrsaí curaclaim (an méid a theagasctar i scoileanna) agus faoi mheasúnú (an chaoi le fianaise a bhailiú ar a bhfuil foghlamtha ag scoláirí).

Díreach anois, tá an CNCM ag dearadh Sraith Shóisearach nua. I Meán Fómhair 2014, beidh scoláirí a bheidh ag tosú san iar-bhunscoil ábalta staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí chomh maith le hábhair. Ligfidh na gearrchúrsaí seo do scoláirí foghlaim faoi raon leathan ábhar atá suimiúil agus taitneamhach acu sa tsraith shóisearach.

Beidh gearrchúrsaí leath chomh fada le hábhair. Clúdóidh siad réimse iomlán topaicí lena n-áirítear CO, OSSP, OSPS, Ríomhchlárú agus Códú agus Litearthacht Dhigiteach. Spreagtar scoláirí baint ghníomhach bheith acu ina gcuid foghlama féin sna gearrchúrsaí seo uile. Beidh scoláirí ábalta a thaispeáint céard a d'fhoghlaim siad sa ghearrchúrsa ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear tionscadail, taibhithe agus léirithe.

Baineann an comhairliúchán scoláirí seo leis na gearrchúrsaí atá an CNCM a fhorbairt i láthair na huaire. Tá na cúrsaí seo ar:

- Corpoideachas
- Oideachas Sibhialta Sóisialta agus Polaitiúil
- Oideachas sóisialta, pearsanta agus sláintiúil
- Ríomhchlárú agus Códú
- Na Meáin Dhigiteacha
- Taibhiú Ealaíne
- Gearrchúrsa Leibhéal 2- Tionscadal Pearsanta: Aire a thabhairt d'Ainmhithe

Ba mhaith linn do thuairimí a chloisteáil faoi na gearrchúrsaí atáimid a fhorbairt. Cabhróidh do mhúinteoir leat do chuid aiseolais a chur le chéile ag deireadh an ranga agus iarrfar ort é a sheoladh ar ais chugainn go leictreonach trí logáil isteach ar an nasc seo. Úsáidfidh muid an t-aiseolas a fhaighimid ó scoláirí le bonn eolais a chur faoi leagan deiridh an ghearrchúrsa.

Admhóimid do rannpháirtíocht sa tuarascáil chomhairliúcháin agus cuirfimid in iúl duit nuair a bheidh an tuarascáil ar fáil ar líne.

Go raibh maith agat

Comhairliúchán scoláirí – Pleanáil don Fhócasghrúpa

Mar ullmhúchán do sheisiún an fhócasghrúpa, beidh siad seo ag teastáil uait:

- Cóip den doiciméad eolais don ábhar seo atá le fáil ar juniorcycle.ie faoin mheirge, Comhairliúchán.
- Sé mhata boird déanta as páipéar búistéara nó leathanaigh mhóra A3. Sin nó, is féidir fótachóip a dhéanamh de dhearadh an mhata bhoird ar **Aguisín 1** ar pháipéar A3, agus léiríonn **Aguisín** 2 leaganacha amach difriúla agus tú á úsáid. Scríobh ceann de na ceisteanna seo a leanas i ngach rannóg den mhata boird:

  - Céard is deas leat a fheiceáil ann …..
  - Céard ar mhaith leat níos mó de …..
  - Céard ar mhaith leat níos lú de …….
  - An mbeadh na tascanna measúnaithe taitneamhach agus fiúntach, dar leat ……

    Cén fáth a mbeadh/nach mbeadh?

- Greamaigh ceithre bhileog mhóra pháipéir ar bhalla an tseomra ranga agus ceann de na habairtí seo thíos ar bharr gach cinn díobh:

  - Nithe is deas linn a fheiceáil ann…..
  - Ba mhaith linn níos mó de seo …..
  - Ba mhaith linn níos lú de seo …….
  - Is taitneamhach agus is fiú na tascanna measúnaithe seo, dar linn …….

    Cén fáth gurb ea /nach ea?

- Ocht marcóirí chun na cairteacha balla a chomhlánú.

- Sé chóip den bhileoigín in **Aguisín 3**, ceann do gach grúpa ina leagtar amach na róil dhifriúla

- Ríomhaire glúine agus osteilgeoir chun léiriú Cumhachtphointe a thaispeáint ina mínítear príomhthréithe an ghearrchúrsa.

Dearadh an fhócasghrúpa
Roinn an rang **i sé ghrúpa ar a mhéad** agus gan níos mó ná cúigear scoláirí i ngach grúpa.

Ceapann gach grúpa

- **Cathaoirleach** – cuireann sé na ceisteanna agus coinníonn an grúpa dírithe ar an tasc. Cinntíonn sí fosta go bhfaigheann gach ball den ghrúpa éisteacht.
- **Scríobhaí** – glacann nótaí ar an 'mata boird' páipéir a chuirtear ar fáil do gach grúpa den mhéid a deirtear sa ghrúpa.
- **Maor ama** – coinníonn sé an grúpa ag obair laistigh den am tugtha
- **Tuairisceoir –** ag an deireadh, ionchuireann an scoláire seo an príomh-aiseolas atá aontaithe ag an ngrúpa ar fad isteach i nasc SurveyMonkey a thugann an múinteoir.

(**Tugtar cóip de Bhileoigín 2 do gach grúpa**)

Gníomhaíocht 1: (5 nóiméad) Gníomhaíocht ranga uile

Ransú smaointe:

Is féidir go bhfuil eolas agat ar an ábhar/ngearrchúrsa atá tú ar tí a phlé.

Céard í an fhoghlaim is mó a thaitníonn leat san ábhar seo? Céard a d'athrófá?

Is féidir tagairt do na freagraí go díreach agus/nó iad a chlárú ar smeach-chairt.

Má tá an gearrchúrsa bainte le hachar nua, m.s. Ríomhchlárú agus Códú, déantar ransú smaointe go díreach ar teideal an ghearrchúrsa agus fiafraigh de na scoláirí céard iad na focail/frásaí a thagann isteach ina gceann nuair a fheiceann siad teideal an ghearrchúrsa seo.

Gníomhaíocht 2: Tasc na Mataí Boird (25 nóiméad)

Gabh síos trí Chumhachtphointe an ábhair/ghearrchúrsa chuí, ag úsáid na nótaí a théann le gach sleamhnán chun níos mó sonraí a thabhairt.

Comhlánaigh Tasc an Mhata Bhoird i do ghrúpa:

Céard is deas leat a fheiceáil ann?

Céard ar mhaith leat níos lú de?

Céard ar mhaith leat níos mó de?

An mbeadh na tascanna measúnaithe taitneamhach agus fiúntach, dar leat? Cén fáth a mbeadh/nach mbeadh?

Glac 3 nóiméad ag an deireadh leis na trí phointe is tábhachtaí a aontú maidir le gach ceist.

Gníomhaíocht 3: (10 nóiméad)
Cuireann gach grúpa na trí phointe a d'aontaigh siad ar na máistirleathanaigh chuí ata thuas ar bhalla an tseomra ranga. Má tá pointe ar bith clúdaithe cheana ag grúpa eile, ná scríobh arís é. Díreach cuir tic lena thaobh.

Glacann an rang an t-am seo le breathnú siar ar an méid a scríobhadh ar na cairteacha.

Ba chóir na freagraí a thabhairt do na scoláirí a bheidh ag ionchur eolas an fhócasghrúpa isteach sa suirbhé.
Míle buíochas leat as páirt a ghlacadh. Beidh do thuairimí mar chuid den tuarascáil chomhairliúcháin a fhoilseofar go luath san Athbhliain. Tráchtfar ar do rannpháirtíocht sa tuarascáil. Nuair a bheidh an comhairliúchán críochnaithe, cuirfidh an t-aiseolas uile a fuair muid bonn eolais faoi leagan deiridh an ghearrchúrsa seo. Tá glór an scoláire an-tábhachtach sa mhéid sin.

Aguisín 1 Tasc Mataí Boird (méadaigh ar pháipéar A3)

Céard is deas leat a fheiceáil ann?	**Céard ar mhaith leat níos lú de?**
Céard ar mhaith leat níos mó de?	**An mbeadh na tascanna measúnaithe taitneamhach agus fiúntach, dar leat? Cén fáth a mbeadh/nach mbeadh?**

Aguisín 2 Cleachtadh na Mataí Boird



Bealaí difriúla chun na mataí boird a dhearadh ag brath ar an líon scoláirí a bhíonn i ngach grúpa. Déanann póstaer mór nó páipéar smeach-chairte jab iontach. Seasann gach **X** do scoláire.

Aguisín 3

Aontaíonn gach grúpa ar cheathrar scoláirí leis na róil seo a leanas a ghlacadh:

Cathaoirleach – cuireann sé na ceisteanna agus coinníonn an grúpa dírithe ar an tasc. Cinntíonn sí fosta go bhfaigheann gach ball den ghrúpa éisteacht.	**Scríobhaí**– glacann nótaí ar an 'mata boird' páipéir a chuirtear ar fáil do gach grúpa den mhéid a deirtear sa ghrúpa.
Tuairisceoir – ag an deireadh, ionchuireann an scoláire seo an príomh-aiseolas atá aontaithe ag an ngrúpa ar fad isteach sa nasc suirbhé a thugann an múinteoir.	**Maor ama** – coinníonn sé an grúpa ag obair laistigh den am tugtha.